



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Nollaig 2023
(OR. en)

14900/23

LIMITE

CORLX 1028
CFSP/PESC 1515
RELEX 1296
COEST 604
FIN 1148

GNÍOMHARTHA REACTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

Ábhar: RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/... ÓN gCOMHAIRLE

an ...

lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine¹ nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, agus go háirithe Airteagal 14(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

¹ IO L 78, 17.3.2014, lch. 6.

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 17 Márta 2014, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 269/2014.
- (2) Sna conclúidí uaithi an 26 agus an 27 Deireadh Fómhair 2023, d'athdhearbhaigh an Chomhairle Eorpach an géarcháineadh a rinne sí ar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, cogadh atá ina shárú follasach ar Chairt na Náisiún Aontaithe, agus d'athdhearbhaigh sí go bhfuil an tAontas ag tacú go daingean le neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na hÚcráine laistigh dá teorainneacha, mar a aithnítear go hidirnáisiúnta iad, agus le ceart bunúsach na hÚcráine í féin a chosaint ar fhogha na Rúise. Dhearbhaigh an Chomhairle Eorpach chomh maith, ó thaobh chumas na Rúise an cogadh foghach seo aici a fhearadh, nach mór leanúint den chumas sin a lagú, lena n-áirítear trí na smachtbhannaí a neartú a thuilleadh, agus trína gcur chun feidhme go hiomlán agus go héifeachtach agus an t-imchéimniú orthu a chosc, go háirithe i gcás earraí ardriosca, i ndlúthchomhar le comhpháirtithe agus le comhghuaillithe.
- (3) I bhfianaise thromchúis na staide, is iomchuí bearta sriantacha breise a ghlacadh.
- (4) Measann an Chomhairle go háirithe gur cheart 61 nduine agus 86 eintiteas atá freagrach as gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, a chur le liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014.
- (5) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 269/2014 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in/sa ...,

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

IARSCRÍBHINN

Cuirtear na daoine agus na heintitis seo a leanas le liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES:

Daoine

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
'1585.	Oleg Grigorievich MISHCHENKO (Aleh Ryhoravich MISHCHANKA) (Олег Григорьевич МИЩЕНКО) (Алег Рыгоравіч МІШЧАНКА)	Feidhm: An Chéad Leas-Chathaoirleach ar Choiste Míleata-Tionsclaíoch an Stáit Dáta breithe: 11.8.1968 Áit bhreithe: Vishnevka, Ceantar Ichnyansky, réigiún Chernigov, APSS (an Úcráin anois) Náisiúntacht: Bealarúiseach Pasuimhir: 3110868C005PB4 Insce: fireann	Is é Oleg Mishchenko an Chéad Leas-Chathaoirleach ar Choiste Míleata-Tionsclaíoch Stáit Phoblacht na Bealarúise. Ina cháil mar Chéad Leas-Chathaoirleach ar Choiste Míleata-Tionsclaíoch Stáit Phoblacht na Bealarúise, mhéadaigh sé an soláthar trealaimh mhíleata don Rúis agus an cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine ar siúl aici. Thairis sin, cuirfear clár um chomhar míleata-teicniúil idir Moscó agus Minsc i bhfeidhm go dtí 2025, lena bhforáiltear do sheachadtaí frithpháirteacha táirgí míleata ar mhaithe le gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí na Bealarúise agus na Rúise. Dá bhrí sin, tá Oleg Mishchenko ag tacú go hábhartha le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	+

+ IO: Cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Rialacháin seo.

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
1586.	<p>Aleksandr Aleksandrovich RAKHMANOV</p> <p>(Aliaksandr Aliaksandrovich RAKHMANOV)</p> <p>(Александр Александрович РАХМАНОВ)</p> <p>(Аляксандр Аляксандравіч РАХМАНАЎ)</p>	<p>Feidhm: Leas-Státrúnaí Chomhairle Slándála Phoblacht na Bealarúise</p> <p>Dáta breithe: 25.7.1976</p> <p>Áit bhreithe: Liozna, réigiún Vitebsk, APSS (an Bhealarúis anois)</p> <p>Náisiúntacht: Bealarúiseach</p> <p>Uimhir aitheantais : 3250776C045PB3Inscne: fireann</p>	<p>Is é Aleksandr Rakhmanov Leas-Státrúnaí Chomhairle Slándála Phoblacht na Bealarúise. Is í Comhairle Slándála Phoblacht na Bealarúise an t-ardchomhlacht bunreachtúil comhordúcháin fhrithpháirtigh agus polaitiúil a fhorfheidhmíonn cumhachtaí Uachtarán Phoblacht na Bealarúise. Ina cháil, déanann Aleksandr Rakhmanov maoirseacht ar chur chun feidhme chinntí na Comhairle Slándála agus áirithíonn sé gníomhaíochtaí na gcoimisiún idir-rannach fúithi, lena n-áirítear comhar míleata-teicniúil le Cónaidhm na Rúise agus rialú onnmhairithe. Leis an gCoincheap nua maidir le Slándáil Náisiúnta na Comhairle Slándála, déantar foráil maidir le grúpáil réigiúnach d'fhórsaí Phoblacht na Bealarúise agus Chónaidhm na Rúise a fhorbairt, rud a chuirfidh le héifeachtacht na gcomhlachtaí ceannais agus rialaithe míleata. Cuidíonn an comhar míleata-teicniúil le neartú chumais mhíleata na Rúise, atá i mbun cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine.</p> <p>Dá bhrí sin, tá Aleksandr Rakhmanov ag tacú go hábhartha le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.</p>	+

+ IO: Cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Rialacháin seo.

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
1587.	Alexei Borisovich LABKO (Aliaksei Borisovich LABKO) ar a dtugtar freisin (Alexey Borisovich LABKO) (Алексей Борисович ЛАБКО) (Аляксей Барысавіч ЛАБКО)	Feidhm: Ceann an 230 ^ú páirc oiliúna comharm Dáta breithe: 15.8.1977 Áit bhreithe: Arkalyk, APSS (an Chasacstáin anois) Náisiúntacht: Bealarúiseach Inscne: fireann	Is é Alexei Labko Ceann an 230 ^ú páirc oiliúna comharm. Ina cháil mar Cheann ar an 230 ^ú páirc oiliúna comharm tá sé freagrach as coinscríofaigh agus saighdiúirí arm na Rúise a oiliúint sna saoráidí atá faoina cheannas. Dá bhrí sin, tá Alexei Labko ag tacú go hábhartha le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	+

+ IO: Cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Rialacháin seo.

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
1588.	<p>Pavel Nikolaevich MURAVEIKO</p> <p>(Pavel Mikalaevich MURAVEIKA)</p> <p>(Павел Николаевич МУРАВЕЙКО)</p> <p>(Павел Мікалаєвіч МУРАВЕЙКА)</p>	<p>Feidhm: Céad Leas-Státrúnaí Chomhairle Slándála Phoblacht na Bealarúise</p> <p>Dáta breithe: 26.9.1971</p> <p>Áit bhreithe: Maryina Gorka, Ceantar Pukhovichi, réigiún Mhionsc, APSS (an Bhealarúis anois)</p> <p>Náisiúntacht: Bealarúiseach</p> <p>Uimhir aitheantais: 3260971B001PB2</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Is é Pavel Muraveiko Céad Leas-Státrúnaí Chomhairle Slándála Phoblacht na Bealarúise. Ina cháil, déanann sé maoirseacht ar ghníomhaíochtaí na Comhairle Slándála, lena n-áirítear comhar míleata-teicniúil idir an Bhealarúis agus an Rúis. Is í Comhairle Slándála Phoblacht na Bealarúise an t-ardchomhlacht bunreachtúil comhordúcháin fhrithpháirtigh agus polaitiúil a fhorfheidhmíonn cumhachtaí Uachtarán Phoblacht na Bealarúise. Leis an gCoincheap nua maidir le Slándáil Náisiúnta na Comhairle Slándála, déantar foráil maidir le grúpáil réigiúnach d'fhórsaí Phoblacht na Bealarúise agus Chónaidhm na Rúise a fhorbairt, rud a chuirfidh le héifeachtacht na gcomhlachtaí ceannais agus rialaithe míleata. Cuidíonn an comhar míleata-teicniúil le neartú chumais mhíleata na Rúise, atá i mbun cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine.</p> <p>Dá bhrí sin, tá Pavel Muraveiko, mar Chéad Leas-Státrúnaí Chomhairle Slándála Phoblacht na Bealarúise, ag tacú go hábhartha le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.</p>	+

+ IO: Cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Rialacháin seo.

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
1589.	<p>Valery Alexandrovich REVENKO</p> <p>(Valery Aleksandrovich REVENKA)</p> <p>(Валерий Александрович РЕВЕНКО)</p> <p>(Валерый Аляксандравіч РЭВЕНКА)</p>	<p>Feidhm: Ceann na Roinne um Chomhar Míleata Idirnáisiúnta Phoblacht na Bealarúise - Cúntóir le hAire Cosanta um Chomhar Míleata Idirnáisiúnta de chuid Phoblacht na Bealarúise, Coirnéal</p> <p>Dáta breithe: 30.11.1969</p> <p>Áit bhreithe: Krasnoyarsk-26, Críoch Krasnoyarsk, APSS, (Cónaidhm na Rúise anois)</p> <p>Náisiúntacht: Bealarúiseach</p> <p>Uimhir aitheantais: 3301169A015PB3</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Is é Valery Revenko Ceann Roinn Comhair Mhíleata Idirnáisiúnta Phoblacht na Bealarúise – Cúntóir le hAire Cosanta Phoblacht na Bealarúise um Chomhar Míleata Idirnáisiúnta. Bainistíonn Roinn Comhair Mhíleata Idirnáisiúnta Phoblacht na Bealarúise gníomhaíochtaí na bhfórsaí armtha maidir le heagrú agus cur chun feidhme an chomhair mhíleata idirnáisiúnta agus an rialaithe arm.</p> <p>Ina theannta sin, tá Valery Revenko ina chomhalta de Bhord Comhpháirteach Aireacht Cosanta Phoblacht na Bealarúise agus Cónaidhm na Rúise agus dá bhrí sin glacann sé páirt sa chomhar déthaobhach idir an Rúis agus an Bhealarúis sa réimse míleata. Cuidíonn comhar míleata-teicniúil na Bealarúise leis an Rúis le neartú chumais mhíleata na Rúise, atá i mbun cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine.</p> <p>Dá bhrí sin, tá Valery Revenko, ina cháil mar Cheann na Roinne Comhair Mhíleata Idirnáisiúnta ag tacú go hábhartha le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.</p>	+

+ IO: Cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Rialacháin seo.

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
1590.	Vasily Nikolaevich GERASIMOV (Vasili Mikalaevich HERASIMAU) (Васи́лий Николаевич ГЕРАСИ́МОВ) (Васі́лій Мікалаевіч ГЕРАСИ́МАЎ)	Feidhm: Cathaoirleach ar Choiste um Rialú Stáit Phoblacht na Bealarúise; Comhalta de Chomhairle Slándála Phoblacht na Bealarúise Dáta breithe: 10.9.1975 Áit bhreithe: Mionsc, APSS, (an Bhealarúis anois) Náisiúntacht: Bealarúiseach Inscne: fireann	Tá Vasily Gerasimov ina Chathaoirleach ar Choiste um Rialú Stáit Phoblacht na Bealarúise agus ina chomhalta de Chomhairle Slándála Phoblacht na Bealarúise. Is í Comhairle Slándála Phoblacht na Bealarúise an t-ardchomhlacht bunreachtúil comhordúcháin fhrithpháirtigh agus polaitiúil a fhorfheidhmíonn cumhachtaí an Uachtaráin. Leis an gCoincheap nua maidir le Slándáil Náisiúnta na Comhairle Slándála, déantar foráil maidir le grúpáil réigiúnach d'fhórsaí Phoblacht na Bealarúise agus Chónaidhm na Rúise a fhorbairt, rud a chuirfidh le héifeachtacht na gcomhlachtaí ceannais agus rialaithe míleata. Cuidíonn an comhar míleata-teicniúil le neartú chumais mhíleata na Rúise, atá i mbun cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. Ina ról mar chomhalta den Chomhairle Slándála, tá Vasily Gerasimov ag tacú go hábhartha le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	+

+ IO: Cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Rialacháin seo.

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
1591.	Vitaly Nikolaevich EFANOV (Vitali Mikalaevich YAFANAU) (Виталий Николаевич ЕФАНОВ) (Віталій Мікалаєвіч ЯФАНАУ)	Feidhm: Ceann an 174 ^ú páirc oiliúna de chuid na bhFórsaí Aeir agus na bhFórsaí Aerchosanta ‘Domanovsky’, Coirnéal Dáta breithe: 1.1.1975 Áit bhreithe: Gorodets, Ceantar Shklov, réigiún Mogilev, APSS (an Bhealarúis anois) Náisiúntacht: Bealarúiseach Insce: fireann	Is é an Coirnéal Vitaly Efanov Ceann an 174 ^ú páirc oiliúna de na Fórsaí Aeir agus Fórsaí Aerchosanta ‘Domanovsky’. Ina cháil mar Cheann ar an 174 ^ú páirc oiliúna de chuid na bhFórsaí Aeir agus na bhFórsaí Aerchosanta ‘Domanovsky’ tá sé freagrach as coinscríofaigh agus saighdiúirí arm na Rúise a oiliúint sna saoráidí atá faoina cheannas. Dá bhrí sin, tá Vitaly Efanov ag tacú go hábhartha le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	+

+ IO: Cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Rialacháin seo.

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
1592.	Leonid Vyacheslavovich DAVIDOVICH (Leonid Vyacheslavovich DAVIDOVICH) (Леонид Вячеславович ДАВИДОВИЧ) (Леонід Вячаслававіч ДАВІДОВІЧ)	Feidhm: Ceannasaí an 61 ^ú bunáit aeir agus gharastún Baranovichi Dáta breithe: 13.1.1978 Áit bhreithe: Baranovichi, réigiún Brest, APSS (an Bhealarúis anois) Náisiúntacht: Bealarúiseach Uimhir aitheantais: 3130178C024PB7	Is é Leonid Davidovich Ceannasaí an 61 ^ú bunáit aeir agus gharastún Baranovichi, mar a gcuireann Cónaidhm na Rúise oiliúint ar a cuid saighdiúirí. Le linn chogadh na Rúise san Úcráin, thug saoránaigh faoi deara seachadtaí de lastaí míleata agus aerárthaí troda ag eitilt chuig garastún Baranovichi agus uaidh. Tugadh ‘páirtiseáin iarnróid’ ar dhaoine a rinne iarracht cur i gcoinne na hoiliúna mhíleata sin agus i gcoinne iompar na lastaí míleata agus gabhadh iad agus tugadh antoiscigh agus tréatúirí orthu. Thairis sin, tá tuairiscí ann gur úsáideadh garastún Baranovichi chun roicéid a sheoladh chuig an Úcráin. Dá bhrí sin, tacaíonn Leonid Davidovich le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.	+

+ IO: Cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Rialacháin seo.

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
1593.	<p>Sergey Evgenyevich LAGODIUK</p> <p>Siarhei Evgenievich LANADZIUK</p> <p>(Сергей Евгеньевич ЛАГОДЮК)</p> <p>(Сергей Яўгенавіч ЛАГАДЗЮК)</p>	<p>Feidhm: Leas-Cheann Foirne Fhoireann Ghinearálta Fhórsaí Armtha Phoblacht na Bealarúise, Ceann na Ceann na Príomh-Stiúrthóireachta Oibríochtúla, Coirnéal</p> <p>Dáta breithe: 10.5.1971</p> <p>Áit bhreithe: Antopol, Ceantar Drohichyn, réigiún Brest, APSS (an Bhealarúis anois)</p> <p>Náisiúntacht: Bealarúiseach</p> <p>Uimhir aitheantais: 3100571B015PB0</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Is é Sergey Lagodiuk Leas-Cheann Foirne Fhoireann Ghinearálta Fhórsaí Armtha Phoblacht na Bealarúise, Ceann na Príomh-Stiúrthóireachta Oibríochtúla. Glacann an Phríomh-Stiúrthóireacht Oibríochtúil páirt i mbeartas míleata Phoblacht na Bealarúise agus gníomhaíonn sí mar phríomhaonad struchtúrach na Foirne Ghinearálta sa chóras pleanála straitéisí agus bainistíochta. Ina cháil, déanann Sergey Lagodiuk maoirseacht ar ghníomhaíochtaí na Príomh-Stiúrthóireachta Oibríochtúla. Ina theannta sin, tá Sergey Lagodiuk ina chomhalta de Bhord Comhpháirteach Aireacht Cosanta Phoblacht na Bealarúise agus na Rúise agus dá bhrí sin glacann sé páirt sa chomhar déthaobhach idir an Rúis agus an Bhealarúis sa réimse míleata. Úsáidtear Poblacht na Bealarúise mar mhol míleata de chuid arm na Rúise agus cuireann sí brú go straitéiseach ar an Úcráin trúpaí a choinneáil gar don teorainn, rud a lagaíonn cumais chosantacha na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá Sergey Lagodiuk, mar chomhalta de Bhord Comhpháirteach Aireacht Cosanta Phoblacht na Bealarúise agus Cónaidhm na Rúise, ag tacú go hábhartha le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.</p>	+

+ IO: Cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Rialacháin seo.

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
1594.	Vladimir Nikolaevich CHEREUKHIN (Uladzimir Mikalaevich CHARAUKHIN) (Владимир Николаевич ЧЕРЕУХИН) (Уладзімір Мікалаевіч ЧАРАУХІН)	Feidhm: Ceann bhrainse Gomel d’Fhiontar Aonadach Poblachtach um Sheirbhís Aerloingseoireachta na hAerthráchta ‘Belaeronavigatsia’ Dáta breithe: 11.8.1977 Áit bhreithe: Pokolyubichi, Ceantar Gomel, réigiún Gomel, APSS (an Bhealarúis anois) Náisiúntacht: Bealarúiseach Seoladh: Vetka district, Zolotoy Rog village, an Bhealarúis Uimhir aitheantais: 3110877H020PB2 Insce: fireann	Tá Vladimir Chereukhin ina Cheann ar bhainse Gomel d’Fhiontar Aonadach Poblachtach um Sheirbhísí Aerloingseoireachta na hAerthráchta ‘Belaeronavigatsia’, atá freagrach as gníomhaíochtaí aerfort Gomel. Ag tús an chogaidh fhoghaigh, d’fhág aerárthach Rúiseach gan foireann d’Fhórsaí Aeraspáis na Rúise aerfort Gomel agus scrios sé bataire airtléire féinghluaiste de chuid Fhórsaí Armtha na hÚcráine. Dá bhrí sin, tacaíonn Vladimir Chereukhin, mar Cheann bhainse Gomel de ‘Belaeronavigatsia’, le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	+

+ IO: Cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Rialacháin seo.

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
1595.	<p>Vyacheslav Evgenyevich ROSSOLAY</p> <p>(Viachaslau Yevgenievich RASSALAI)</p> <p>(Вячеслав Евгеньевич РОССОЛАЙ)</p> <p>(Вячаслаў Яўгеньевіч РАССАЛАЙ)</p>	<p>Feidhm: Cathaoirleach ar Choiste Míleata-Tionsclaíoch Stáit Phoblacht na Bealarúise</p> <p>Dáta breithe: 17.10.1981</p> <p>Áit bhreithe: Mionsc, APSS, (an Bhealarúis anois)</p> <p>Náisiúntacht: An Bhealarúis</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Is é Vyacheslav Rossolay an Leas-Chathaoirleach ar Choiste Míleata-Tionsclaíoch Stáit Phoblacht na Bealarúise. Ina cháil mar Leas-Chathaoirleach ar Choiste Míleata-Tionsclaíoch Stáit Phoblacht na Bealarúise, mhéadaigh sé an soláthar trealaimh mhíleata don Rúis agus an cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine ar siúl. Thairis sin, cuirfear clár um chomhar míleata-teicniúil idir Moscó agus Minsc i bhfeidhm go dtí 2025, lena bhforáiltear do sheachadtaí frithpháirteacha táirgí míleata ar mhaithe le gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí na Bealarúise agus na Rúise. Dá bhrí sin, tá Vyacheslav Rossolay ag tacú go hábhartha le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.</p>	+

+ IO: Cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Rialacháin seo.

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
1596.	<p>Andrey Pavlovich FALALEEV (Андрей Павлович ФАЛАЛЕЕВ)</p>	<p>Feidhm: Reachtaire Ollscoil Chónaidhme V.I. Vernadsky na Crimé Dáta breithe: 9.2.1972 Áit bhreithe: Kerch, an Chrimé, APSS (an Úcráin anois) Náisiúntacht: Úcránach Inscne: fireann</p>	<p>Is é Andrey Falaleev Reachtaire Ollscoil Cónaidhmeach V.I. Vernadsky na Crimé. An 4 Márta 2022, tar éis thús chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, shíniigh Andrey Falaleev, ina cháil mar reachtaire na hOllscoile, litir ag tacú le gníomhaíochtaí Uachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin. Le linn cheannaireacht Andrey Falaleev ar Ollscoil Cónaidhmeach V.I. Vernadsky na Crimé, reáchtáladh imeacht ar a dtugtar ‘Ár dTacaíocht d’Fhórsaí Armtha Aireacht Cosanta na Rúise atá rannpháirteach san Oibríocht Mhíleata Speisialta’. Ba é príomhchuspóir an imeachta scéalta faoi laochra na hoibríochta míleata speisialta a insint agus bealaí eile a fhiosrú chun tacú leis na saighdeoirí a ghlacann páirt inti.</p> <p>Dá bhrí sin, tacaíonn Andrey Falaleev le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.</p>	+

+ IO: Cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Rialacháin seo.

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
1597.	Serafim Vikentevich IVANOV (Серафим Викентьевич ИВАНОВ)	Feidhm: Preasrúnaí san eagraíocht ‘Volunteer Squad’ Ceann cheanncheathrúna réigiúnaí VVPOD ‘Yunarmy’ i réigiún Kherson. Dáta breithe: 19.5.1996 An áit a meastar ina bhfuil sí: Cathair Pheadair, Cónaidhm na Rúise Inscne: fireann	Is é Serafim Ivanov an preasrúnaí san eagraíocht ‘Volunteer Squad’, a bhfuil baint aige le hoideachas tírghrách ar chur ar an óige. Is é Ceann cheanncheathrú réigiúnach VVPOD ‘YUNARMY’ i réigiún Kherson é freisin. Ghlac sé páirt ghníomhach i míleatú leanaí Úcránacha i réigiún Kherson atá faoi fhorghabháil. Ina theannta sin chothaigh sé mothúcháin ar son na Rúise agus insintí frith-Úcránacha trí Yunarmiya agus spreag sé leanaí chun páirt a ghlacadh san eagraíocht, agus béim á leagan aige ar an oiliúint mhíleata mar cheann de na buntáistí. Dá bhrí sin, tacaíonn Serafim Ivanov le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin. Ina theannta sin, tá baint aige le Yunarmiya, eagraíocht pharaimíleata Rúiseach.	+

+ IO: Cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Rialacháin seo.

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
1598.	<p>Sergey Alekseevich GAVRILCHUK</p> <p>ar a dtugtar freisin</p> <p>Sergiy Oleksiyovich GAVRYLCHYK</p> <p>ar a dtugtar freisin</p> <p>Serhii HAVRYLCHUK</p> <p>(Сергей Алексеевич ГАВРИЛЬЧУК)</p> <p>(Сергій Олексійович ГАВРИЛЬЧУК)</p>	<p>Feidhm: Ceann cheanncheathrú réigiúnach Yunarmy i bPoblacht na Crimé; Comhalta de chomhairle sráidbhaile Gvardeyskaya i gceantar Simferopol de Phoblacht na Crimé, thar ceann Pháirtí na Rúise Aontaithe</p> <p>Dáta breithe: 30.5.1977</p> <p>Náisiúntacht: Úcránach</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Is é Sergey Gavrilchuk Ceann cheanncheathrú Réigiúnach Yunarmiya Phoblacht na Crimé, agus is comhalta é de Pháirtí na Rúise Aontaithe. Is eagraíocht pharaimíleata Rúiseach í an Ghluaiseacht Uile-Rúise Shóisialta Thírghrách Mhíleata ‘Arm Óg’ (Yunarmiya). Ina cháil mar cheann réigiúnach Yunarmiya, eagraíonn sé gníomhaíochtaí a chuireann chun cinn oiliúint agus ullmhú míleata na n-óg don tseirbhís mhíleata in Arm na Rúise. Dá bhrí sin, tacaíonn Sergey Gavrilchuk le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. Ina theannta sin, tá baint aige le Yunarmiya.</p>	+

+ IO: Cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Rialacháin seo.

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
1599.	Elena Aleksandrovna SHAPUROVA Olena Oleksandrivna SHAPUROVA (Елена Александровна ШАПУРОВА) (Олена Олександрівна ШАПУРОВА)	Feidhm: ‘Aire Aireacht Oideachais agus Eolaíochta réigiún Zaporizhia’, aire a d’fhorchur an Rúis Dáta breithe: 16.11.1976 Uimhir Aitheantais Chánach: 2807902401 Inscne: baineann	Is í Elena Shapurova ‘Aire Aireacht Oideachais agus Eolaíochta réigiún Zaporizhia’, arb í an Rúis a cheap. Thug sí isteach beartas ath-oideachais do leanaí Úcránacha i réigiún Zaporizhzhia, atá faoi fhorghabháil ag an Rúis, lenar laghdaíodh líon na ranganna Úcráinise agus lenar méadaíodh líon na ranganna Rúisise, lena n-áirítear cultúr na Rúise agus ranganna oideachais saoránachta a chur chun cinn. Dá bhrí sin, tacaíonn sí le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sí chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.	+

+ IO: Cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Rialacháin seo.

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
1600.	Boris Viktorovich OBNOSOV ar a dtugtar freisin (Boris Viktorovič OBNOSOV) (Борис Викторович ОБНОСОВ)	Feidhm: Ard-Stiúrthóir JSC Tactical Missiles Corporation Dáta breithe: 26.1.1953 Áit bhreithe: Moscó, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Seoladh: 7 Ilyicha Street, Korolov, Moskovskaya Oblast, Cónaidhm na Rúise Inscne: fireann	Tá Boris Obnosov ina Ard-Stiúrthóir ar JSC Tactical Missiles Corporation. Déanann Tactical Missiles Corporation armchórais straitéiseacha oirbheartaíochta eitlíochta ardbheachtais aer go dromchla agus aer go haer agus armchórais aontaithe mhuirí a fhorbairt, a mhonarú, a nuachóiriú, a dheisiú agus a chothabháil le haghaidh Fhórsaí Armtha na Rúise. Tá úsáid á baint ag an Rúis as armáin arna monarú ag Tactical Missiles Corporation sa chogadh foghach ar an Úcráin. Buaileann Boris Obnosov le hUachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin go rialta chun é a chur ar an eolas maidir le stádas gnó de Tactical Missiles Corporation. In 2021, bronnadh an teideal oinigh is airde, ‘Laoch de Chónaidhm na Rúise’, air. I mí Eanáir 2022, mí roimh an gcogadh, bhí cruinniú duine le duine ag Obnosov le hUachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin. I mí Aibreáin 2022, bronnadh an duais ‘Marascal an Aontais Shóivéadaigh Georgy Zhukov’ air i réimse na n-armálacha agus an trealaimh mhíleata. Dá bhrí sin, tacaíonn Boris Obnosov le gníomhaíochtaí agus beartais lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine. Anuas air sin, tacaíonn sé le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as. Tá baint aige freisin le JSC Tactical Missiles Corporation.	+

+ IO: Cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Rialacháin seo.

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
1601.	Yury Anatolevich ЧИКХАНЧИН (Yuriy Anatolevich ЧИКХАНЧИН) (Юрий Анатольевич ЧИХАНЧИН)	Feidhm: Stiúrthóir Rosfinmonitoring Dáta breithe: 17.6.1951 Áit bhreithe: Krasnoyarsk, APSS, (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach An áit a meastar ina bhfuil sí: Moscó, Cónaidhm na Rúise Uimhir Aitheantais Chánach: 246502601977 Inscne: fireann	Tá Yury Chikhanchin ina Stiúrthóir ar Rosfinmonitoring, ar comhlacht feidhmiúcháin cónaidhme Rúiseach é a cruthaíodh le foraithe ó Uachtarán Chónaidhm na Rúise in 2001, agus atá freagrach as sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac. Tagann gníomhaíochtaí uile Rosfinmonitoring faoi mhaoirseacht dhíreach Uachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin. Ó chuir an Rúis tús lena cogadh foghach i mí Feabhra 2022, chomhoibrigh Rosfinmonitoring le hAireacht Cosanta na Rúise maidir le ‘tionscadal tacaíochta baincéireachta agus státchiste’ chun ‘ordú cosanta stáit’ nua na Rúise, mar a thugtar air, a chomhlíonadh, ordú a forchuireadh tar éis thús an chogaidh agus é mar aidhm aige geilleagar na Rúise a mhíleatú. Bíonn daoine agus eintitis a mheastar a bheith cáinteach faoin gCreimil á gcur go seasta ag Rosfinmonitoring ar a chlár ‘sceimhlitheoireacht agus antoisceachas’, lena n-áirítear iriseoirí agus ardáin meán sóisialta arb as an Iarthar a n-úinéirí. Dá bhrí sin, tá Yury Chikhanchin, ina cháil mar Stiúrthóir Rosfinmonitoring, ag tacú go hábhartha le Rialtas Chónaidhm na Rúise agus tá tairbhe á fháil aige ón rialtas sin, rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	+

+ IO: Cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Rialacháin seo.

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
1602.	<p>Anna Borisovna PALIUKH (Anna Borisovna SHAFRAN) (Анна Борисовна ПАЛЮХ) (Анна Борисовна ШАФРАН)</p>	<p>Feidhm: Ceann Stiúrthóireacht na gClár Raidió Anailíseach de chuideachta sealbhaíochta meán Zvezda Dáta breithe: 31.12.1982 Áit bhreithe: Tver, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: baineann</p>	<p>Is bolscaire Rúiseach í Anna Paliukh, ainm bréige: Anna Shafran, a scaipeann bolscaireacht na Rúise agus a thacaíonn go poiblí le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Tá sí ina ceann ar Stiúrthóireacht na gClár Raidió Anailíseach de chuid na cuideachta sealbhaíochta meán Zvezda, ar líonra meán é atá faoi úinéireacht an stáit agus atá faoi stiúir Aireacht Cosanta na Rúise. Bíonn gníomhaíochtaí na Rúise sa chogadh á gcosaint agus muintir agus rialtas na hÚcráine á gcáineadh aici go leanúnach, agus é ráite aici go poiblí gur gá an Úcráin a dhímhíleatú agus a dhínaitíú. Dá bhrí sin, tacaíonn sí le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sí chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.</p>	+

+ IO: Cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Rialacháin seo.

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
1603.	Aleksandr Valerievich ПОТАПОВ (Александр Валерьевич ПОТАПОВ)	Feidhm: Stiúrthóir, UralVagonZavod Dáta breithe: 23.2.1963 Áit bhreithe: Moscó, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Uimhir Aitheantais Chánach: 770405465488 Inscne: fireann	Tá Aleksandr Potapov ina Stiúrthóir ar UralVagonZavod, corparáid mhór tógála meaisín Rúiseach. Is í an t-aon mhonaróir tanc míleata i gCónaidhm na Rúise. Soláthraíonn UralVagonZavod tancanna d'Fhórsaí Armtha na Rúise lena n-úsáid sa chogadh foghach ar an Úcráin. Ina theannta sin, bhí roinnt cruinnithe ag Potapov le hoifigigh de chuid na gcríoch Úcránach atá faoi fhorghabháil. Le linn na gcruinnithe, phléigh Potapov na féidearthachtaí chun an comhar idir tionscal na Rúise agus na húdaráis forghabhála a neartú. Dá bhrí sin, tá Aleksandr Potapov freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. Ina cháil mar Stiúrthóir ar UralVagonZavod, tá baint aige freisin le UralVagonZavod, a thacaíonn, go hábhartha nó ó thaobh airgeadais de, le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d' iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	+

+ IO: Cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Rialacháin seo.

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
1604.	<p>Anna Evgenievna TSIVILEVA ar a dtugtar freisin</p> <p>Anna Evgenievna TSIVILYOVA ar a dtugtar freisin</p> <p>Anna Putina-TSIVILYOVA (Анна Евгеньевна ЦИВИЛЁВА)</p>	<p>Feidhm: Cathaoirleach ar an Foundation ‘Defenders of the Fatherland’ (an Fhondúireachta ‘Cosantóirí na hAthartha’); Cathaoirleach na Comhairle Caomhnóireachta i Réimse Sóisialta Réigiún Kemerovo</p> <p>Comhalta de Chomhairle Fhóram Eoráiseach na mBan faoi Chomhairle Chónaidhme na Rúise</p> <p>Dáta breithe: 9.5.1972</p> <p>Áit bhreithe: Ivanovo, APSS (Cónaidhm na Rúise anois)</p> <p>Náisiúntacht: Rúiseach</p> <p>Uimhir Aitheantais Chánach: 771921270207</p> <p>Inscne: baineann</p>	<p>Tá Anna Tsivileva ina Cathaoirleach ar an bhfondúireacht ‘Cosantóirí na hAthartha’. Is í bean chéile Sergey Evgenievich Tsivilev, atá ina Ghobharnóir ar réigiún Kemerovo. Is gaol í freisin le hUachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin.</p> <p>Tá ról tábhachtach ag an bhfondúireacht ‘Cosantóirí na hAthartha’ sa chogadh foghach ar an Úcráin toisc go dtacaíonn sí leis na sean-saighdiúirí a ghlac páirt sna gníomhaíochtaí míleata san Úcráin. Oibríonn an fhondúireacht freisin sna réigiúin Donetsk agus Luhansk agus sa Chrimé atá faoi fhorghabháil neamhdhleathach. Tá comhaontuithe tugtha i gcrích ag an bhFondúireacht le heagraíochtaí éagsúla eile agus le rialtais áitiúla chun tacú le sean-saighdiúirí an chogaidh fhoghaigh. Tacaíonn an fhondúireacht le sean-saighdiúirí, lena n-áirítear trodaithe ó Donetsk agus Luhansk. Tá baint ag an bhFondúireacht freisin le hathshlánú seansaighdiúirí chun iad a chur ar ais i seirbhís ghníomhach don chogadh foghach ar an Úcráin.</p> <p>Is a bhuí lena dlúthchaidreamh le hUachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin a bhí Anna Tsivileva in ann a bheith ina cathaoirleach ar an bhFondúireacht ‘Cosantóirí na hAthartha’.</p> <p>Dá bhrí sin, tá Anna Tsivileva ag baint tairbhe as cinnteoirí na Rúise atá freagrach as ionghabháil na Crimé nó as díchobhsú na hÚcráine. Sa cháil sin, tacaíonn sí le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sí chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. Tá baint aici freisin leis an bhfondúireacht ‘Cosantóirí na hAthartha’.</p>	+

+ IO: Cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Rialacháin seo.

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
1605.	<p>Илья Николаевич KURILOV (Илья Николаевич КУРИЛОВ)</p>	<p>Feidhm: Stiúrthóir, Imperial Tula Arms Plant Dáta breithe: 26.9.1977 Áit bhreithe: Kaluga, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Uimhir Aitheantais Chánach: 402800310292 Inscne: fireann</p>	<p>Tá Ilya Kurilov ina stiúrthóir ar Imperial Tula Arms Plant, a tháirgeann an córas diúracáin frith-tanc Konkurs-M. Bíonn an córas diúracáin sin á úsáid ag Fórsaí Armtha na Rúise sa chogadh foghach ar an Úcráin. Ina theannta sin, tá tacú poiblí tugtha ag Ilya Kurilov do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus do dhímhíleatú na hÚcráine ar mhaithe le leas náisiúnta Chónaidhm na Rúise. Dá bhrí sin, tacaíonn Ilya Kurilov le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.</p>	+

+ IO: Cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Rialacháin seo.

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
1606.	Oleg Leonidovich KHOROKHORDIN (Олег Леонидович ХОРОХОРДИН)	Feidhm: Ceann Phoblacht Altai Dáta breithe: 3.4.1972 Áit Bhreithe: Glushinka, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Tá Oleg Khorokhordin ina Cheann ar Altai, poblacht de chuid Chónaidhm na Rúise. Ina cháil mar Cheann Phoblacht Altai, tá páirt glactha aige in iarrachtaí slógaidh rialtas na Rúise chun saighdiúirí a earcú dá cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. Tá athruithe reachtacha ordaithe aige chun tacaíocht a thabhairt do shaighdiúirí Rúiseacha agus a dteaghlaigh. Ina theannta sin rinne sé trealamh míleata arna sholáthar ag Poblacht Altai a sheachadadh go pearsanta chuig saighdiúirí a imscaradh sa chogadh foghach ar an Úcráin. Tá ionghabháil neamhdhleathach na Crimé agus gníomhaíochtaí fhórsaí armtha na Rúise san Úcráin cosanta aige go leanúnach agus d'eisigh sé boinn do shaighdiúirí. Faoina cheannaireacht, gheall Poblacht Altai páirt a ghlacadh in athchóiriú na Rúise ar chríocha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil neamhdhleathach, athchóiriú darb aidhm na gcríoch sin a lánpháirtiú i gCónaidhm na Rúise. Dá bhrí sin, tacaíonn Oleg Khorokhordin le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.	+

+ IO: Cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Rialacháin seo.

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
1607.	Radiy Faritovich KHABIROV (Рахий Фаритович ХАБИРОВ)	Feidhm: Ceann Phoblacht Bashkortostan Dáta breithe: 20.3.1964 Áit bhreithe: Sráidbhaile Sayranovo, Ceantar Ishimbay, Baiscíría, ASSR, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Uimhir Aitheantais Chánach: 027810331775 Inscne: fireann	Tá Radiy Khabirov ina Cheann ar Bashkortostan, poblacht de chuid Chónaidhm na Rúise. Ina cháil mar Cheann Phoblacht na Baiscíría, tá tacaíocht tugtha aige don chogadh foghach ar an Úcráin, agus mhol agus d'fhormheas sé go poiblí é. I gcomhthéacs an chogaidh d'iarr sé ar gach duine atá timpeall Uachtarán Chónaidhm na Rúise Putin 'seasamh leis' agus bhí sé ar dhuine de na chéad ghobharnóirí a thug cuairt ar chríocha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil. Ina theannta sin, rinne sé tosaíocht mar Cheann Phoblacht na Baiscíría den ardhumas míleata trí thacú le líon mór fiontar cosanta agus spreag sé comhaltaí seirbhíse chun páirt a ghlacadh sa chogadh foghach trí chathláin dheonacha a bhunú. Bhí sé freagrach freisin as stóras lóistíochta a bhunú i gcúir na hÚcráine atá faoi fhorghabháil agus ghníomhaigh sé i gcoinne an fhreasúra pholaitiúil frithchogaidh sa Rúis. Dá bhrí sin, tacaíonn Radiy Khabirov le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.	+

+ IO: Cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Rialacháin seo.

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
1608.	<p>Anatoli Aleksandrovich KARAZI</p> <p>ar a dtugtar freisin Anatoli Aleksandrovich KARAZYI</p> <p>ar a dtugtar freisin Anatoli Aleksandrovich KARAZAI</p> <p>(Анатолій Александрович КАРАЗІЙ)</p> <p>(Анатолій Олександрович КАРАЗІЙ)</p>	<p>Feidhm: Ceann earcaíochta, PMC Redut</p> <p>Dáta breithe: 21.2.1969</p> <p>Náisiúntacht: Rúiseach</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Tá Anatoli Karazi ar dhuine de bhunaitheoirí na cuideachta míleata príobháidí ar a dtugtar PMC Redut, agus is iarchomhalta agus ceannaire faisnéise Ghrúpa Wagner é. Tá sé i gceannas ar earcaíocht in PMC Redut, atá i mbun oibríochtaí san Úcráin, le linn chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin.</p> <p>Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá sé freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.</p>	+

+ IO: Cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Rialacháin seo.

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
1609.	<p>Илья Dmitrievich MEDVEDEV (Илья Дмитриевич МЕДВЕДЕВ) (Ілля Дмитрович МЕДВЕДСВ)</p>	<p>Dáta breithe: 3.8.1995 Áit bhreithe: Moscó, Cónaidhm na Rúise Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann</p>	<p>Tá Ilya Medvedev freagrach as seirbhísí digiteacha a chruthú i réigiúin Donetsk, Luhansk, Kherson agus Zaporizhzhia na hÚcráine, atá faoi fhorghabháil neamhdhleathach. Chomhordaigh sé an tionscadal ‘Is Rúiseach mé’, arb é is aidhm dó seirbhísí rialtais na Rúise a chur ar fáil do chónaitheoirí na réigiún sin, lena n-áirítear nós imeachta simplithe saoránachtaí agus seirbhísí sóisialta Rúiseacha a chur ar fáil.</p> <p>Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tacaíonn sé le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.</p>	+
1610.	<p>Darya Olegovna BORISOVA (Дарья Олеговна БОРИСОВА)</p>	<p>Feidhm: Stiúrthóir, Educational and Methodological Center ‘Avangard’ Dáta breithe: 2.5.1990 Áit bhreithe: Moscó, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: baineann</p>	<p>Tá Darya Borisova ina stiúrthóir ar an Educational and Methodological Center ‘Avangard’, eagraíocht a chuireann oideachas tírghrá, mar a thugtar air, lena n-áirítear bunoilíúint mhíleata, ar dhaoine óga na Rúise agus ar pháistí i réigiúin na hÚcráine atá faoi fhorghabháil shealadach.</p> <p>Agus í ag glacadh na cáile sin chuici agus ag gníomhú di dá réir, tacaíonn sí le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sí chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.</p>	+

+ IO: Cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Rialacháin seo.

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
1611.	Dmitry Aleksandrovich POLKOVNIKOV (Дмитрий Александрович ПОЛКОВНИКОВ)	Feidhm: Stiúrthóir Crimea Patriot Centre Dáta breithe: 3.6.1970 Áit bhreithe: Kostroma, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Tá Dmitry Polkovnikov ina stiúrthóir ar ‘Crimea Patriot Centre’ (ar a dtugtar freisin ‘Krympatriotcentr’) ón 1 Márta 2022. Cuireann an Lárionad oiliúint mhíleata ar fáil do leanaí sa Chrimé agus in Sevastopol, críocha a ionghabhadh go neamhdhleathach. Bhí baint aige le campaí míleata agus tírghrá a eagrú do leanaí as Leithinis na Crimé, críoch a ionghabhadh go neamhdhleathach. Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tacaíonn sé le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.	+
1612.	Andrey Yuryevich SHUTOV (Андрей Юрьевич ШУТОВ)	Feidhm: Comhalta de Choimisiún Lárnach Toghchán Chónaidhm na Rúise Dáta breithe: 9.3.1963 Áit bhreithe: Moscó, réigiún Mhoscó, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Tá Andrey Shutov ina chomhalta de Choimisiún Lárnach Toghchán Chónaidhm na Rúise ó 2021 i leith. Le linn a thréimhse oifige, bhí an coimisiún sin freagrach as reifrinn neamhdhleathacha a eagrú in 2022, chomh maith le toghcháin neamhdhleathacha i mí Mheán Fómhair 2023, i gcodanna den Úcráin atá faoi fhorghabháil, agus ar an gcaoi sin rinne sé iarracht cogadh foghach na Rúise ar na codanna sin a dhlisteanú. Sa cháil sin, tacaíonn Andrey Shutov le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.	+

+ IO: Cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Rialacháin seo.

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
